C/2024/2236

19.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11501 – CD&R / STONE POINT / TRUIST INSURANCE HOLDINGS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2236)

1. An 11 Márta 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Clayton, Dubilier & Rice, LLC (SAM) ('CD&R')

— Stone Point Capital LLC (SAM) ('Stone Point')

— Truist Insurance Holdings, LLC, fochuideachta de Truist Financial Corporation (SAM) (an 'Spriocghnólacht').

Gheobhaidh CD&R agus Stone Point comhrialú ar an Spriocghnólacht ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta cothromais phríobháidigh é CD&R, atá bunaithe sna Stáit Aontaithe, a thionscnaítear mar phríomhinfheisteoir cothromais i gceannach thar barr amach ag an mbainistíocht, infheistíochtaí cothromais mionlaigh straitéiseacha agus infheistíochtaí straitéiseacha eile agus a dhéanann é sin a struchtúrú agus a ghníomhaíonn go minic mar an príomhinfheisteoir sin.

— Is gnólacht infheistíochta é Stone Point atá lonnaithe in Greenwich, Connecticut, na Stáit Aontaithe, a dhíríonn ar infheistíochtaí i gcuideachtaí i dtionscal na seirbhísí airgeadais domhanda agus in earnálacha gaolmhara. Infheistíonn an gnólacht i roinnt aicmí malartacha sócmhainní, lena n-áirítear cothromas príobháideach trína Chistí Teagmhas suaitheanta. Bainistíonn Stone Point cistí creidmheasa leachtacha agus príobháideacha araon agus cuntais bhainistithe.

— Fochuideachta de chuid Truist Financial Corporation atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe is ea an Spriocghnólacht. Bróicéir árachais atá dírithe ar na Stáit Aontaithe is ea an Spriocghnólacht.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11501 – CD&R / STONE POINT / TRUIST INSURANCE HOLDINGS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË